

CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE: AIGHNEACHT

Fáiltíonn an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta roimh churaclam comhtháite teangacha sa bhunscoil. Is féidir le curaclam comhtháite teangacha teangacha a chomhtháthú go hiomlán mar chuid shoiléir den phróiseas oideachais. Tá daonra scoile na hÉireann ag éirí níos ilteangaí agus níos ileithní anois ná riamh. Tá an cur chuige seo i leith teangacha, i gcomhthéacs atá dírithe ar mheas agus ar bhainistiú a n-iolrachta agus a n-éagsúlachta, le moladh.

Tá iliomad buntáistí bainteach le curaclam comhtháite teangacha a chur ar fáil ag leibhéal na bunscoile, ina measc:

- deiseanna a sholáthar do pháistí breis airde a thabhairt ar an bhfeasacht teanga agus ar na próisis iomadúla trína gcuireann an foghlaim eolas ar theangacha, trí na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir córas na máthairtheanga agus córas na sprioctheanga/teanga eile a thabhairt faoi deara, agus ar an mbealach a n-oibríonn siad;
- feacht, foghlaim, tuiscint chriticiúil agus scileanna idirdhealaithe a éascú agus a thapú trí eolas ginearálta ar theangacha agus ar straitéisí foghlama a aistriú ó theanga amháin go dtí teanga eile;
- féinriar an fhoghlaim eora a fhorbairt trí eolas, trí fheacht, trí scileanna agus trí thuiscint a chnád;
- dearthaí dearfacha i leith foghlaim teangacha, i leith teangacha eile agus i leith sochaithe agus cultúir eile a chruthú.

Is í an mhóraidhm ba chóir a bheith ag Curaclam Teangacha na Bunscoile ná inniúlacht aonair ilteangachais a spreagadh i ngach saoránach aonair seachas mar atá léirithe faoi láthair, is é sin, sraith inniúlachtaí neamhiomlána gan baint acu lena chéile.

Seo a leanas ábhair chúraim, chomh maith le moltaí a bhaineann le Dréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile mar atá sé faoi láthair:

Curaclam bunaithe ar riachtanais tomhaltóra, ar staid chomhaimseartha na dteangacha sa tír agus ar thaighde ábhartha

Ba chóir sainiú na riachtanas a bheith mar thúspointe agus curaclam á dhearadh. Ní mór próifíl na bhfoghlaimoirí uile i gcomhthéacsanna scoile éagsúla chomh maith le leibhéal cumais inmhianaithe, réimse úsáide teanga, an cúlra sochttheangeolaíoch, an timpeallacht teanga agus cultúir, canúintí, cumas teanga agus tosca an mhúinteora agus pobal na teanga i gcoitinne, ní mór iad sin uile a thabhairt san áireamh mar chéad chéim ag lucht ceaptha curaclaim. Níl aon fhianaise ann gur mar seo a bhí sé áfach le Dréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile.

Trasaistriú, teagmháil, crostagairt, trasnaíocht agus éagsúlú teanga

Mar an dá theanga oifigiúla, tá an Ghaeilge agus an Béarla deighilte go dian ní hamháin ó theangacha eile ach óna chéile go dtí seo sa churaclam bunscoile (1999). Is annamh a bhaintear feidhm mhór as an acmhainn chun ceangal a dhéanamh idir Béarla, Gaeilge agus teangacha eile, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus Béarlagair Lucht Siúil na hÉireann san áireamh. Cabhraíonn trasaistriú teangacha lena chéile i dtaca le comhfhocail, deilbheolaíocht agus comhréir, comhaontú inscne agus fóineolaíocht a fhiosrú gan trácht ar iliomad eile (DeKeyser, R., 1998). Níl i nDréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile seo ach sraith de churaclam teanga atá neamhspleách ar a chéile chomh maith. Ní léiríonn sé cur chuige comhtháite i leith mhúineadh teangacha ag leibhéal na bunscoile. Tá gá le teagmháil, crostagairt, trasaistriú agus trasnaíocht teanga a fhiosrú. Cé go luann an Dréacht-Churaclam gur próiseas comhtháite atá i bhfoghlaim teanga, níl treoir ná tacaíocht ar bith curtha ar fáil do mhúinteoirí conas tabhairt faoi sa Dréacht-Churaclam Teangacha go háirithe le

modheolaíocht teagasc a bheith comhtháite agus éagsúil araon. Mar shampla, Conas is féidir le múinteoirí úsáid a bhaint as eolas meititeangeolaíoch a bhaineann le teanga eile nó le roinnt teangacha eile le linn dóibh bheith ag teagasc na gramadaí i dteanga amháin? Ní dhéanann an Dréacht-Churaclam Teangacha tagairt ar bith do bhainistiú éagsúlú teangacha laistigh de chéimeanna ar leith den churaclam. Moltar an cás a fhiosrú.

Tábhacht na féiniúlachta agus an chultúir i bpróiseas sealbhaithe teanga

Ní mór féinmheas agus féinmhuinín na bpáistí a chothú trí thuiscint a thabhairt dóibh ar a bhféiniúlacht agus ar an n-oidhreacht chultúrtha. Níl léargas á thabhairt do phaistí ar chultúr agus ar shaíocht Ghaelach na hÉireann, mar aon le deiseanna a chruthú dóibh é a bhlaiseadh tríd an teanga, an ceol, an litríocht, an stair. Agus níl bealaí eile, atá nuálach agus mealltach, léirithe i nDréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile.

Páirtchláir dhátheangacha nó roghanna den chineál FCÁT

Ní mór dúinn an rath i gcláir thumoideachais Ghaeilge a chur chun leasa foghlaim teangacha eile mar atá molta i dtuarascáil taighde 13 de chuid CNCM, *Múineadh Éifeachtach Teangacha: Sintéis ar Thaighde*. Níl aon mhórghlacadh le páirtchláir dhátheangacha nó le roghanna den chineál FCÁT (Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha) atá luaithe i nDréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile. Tá céimeanna éagsúla agus an iliomad foirmeacha ann, ach níl spriocanna, gnéithe, ná línte forbartha ar fáil chuige i nDréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile. Is ábhar mór imní é nach bhfuil roghanna ná spriocanna maidir le cineálacha múinte dátheangaigh léirithe i nDréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile ós rud é gur curaclam comhtháite teangacha atá i gceist.

Dianchláir Teanga

Léiríonn tuairiscí éagsúla (Harris et al. 2006; ROE, 2007) go mbaineann dúshláin shuntasacha le teagasc na Gaeilge i mbunscoileanna na tíre agus go bhfuil titim shuntasach ar líon na bpáistí a bhfuil leibhéal máistreachta bainte amach acu ar labhairt na Gaeilge. Molann Harris agus Ó Duibhir (2011) i dtuarascáil taighde 13 de chuid CNCM go bhfuil gá le dianchláir teanga a dhíríonn ar an teanga a fhoghlaim trí ghníomhaíochtaí cumarsáideacha le fócas ar bhrí agus ar fhoirm araon. Tá téamaí, feidhmeanna teanga, agus eiseamláirí mar dhlúth agus mar inneach an churaclaim chumarsáidigh 1999 don Ghaeilge. Tá gá le cur chuige céimneach struchtúrtha agus le treoracha cinnte modheolaíochta a thabhairt do mhúinteoirí ionas gur féidir leo díriú ar chumas teanga na bpáistí a fhorbairt go céimneach agus go críochnúil. Is cúis imní d'oideoirí nach follasach go bhfuil tagairt ná trácht déanta ar theagasc T1/T2 sa dréacht-churaclam seo. Is léir go bhfuil an bhéim ar shealbhú teanga amháin. Moltar breac-chuntas oideolaíochta a chur ar fáil sa churaclam ar bhonn práinne.

Sainriachtanais an Oideachais Lán-Ghaeilge

Sa doiciméad *An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga, 2011-2020*, aithnítear go bhfuil “riachtanais thar a bheith éagsúil ag foghlaimoírí i scoileanna lán-Ghaeilge agus go bhfuil na suíomhanna an-éagsúil lena chéile freisin”. (2011, lch. 12). Níl Dréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile bunaithe ar an tuiscint seo áfach. Ní thugann an cháipéis tacaíocht ná treoir do mhúinteoirí conas déileáil leis na dúshláin mhodheolaíochta a bhaineann le múineadh rang daltaí dátheangacha/ilteangacha i scoil Ghaeltachta, mar shampla. Tá gá le soiléiriú agus athbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna foghlama agus ar línte forbartha a bhaineann le ginchumas teanga i suíomh an oideachais lán-Ghaeilge le béim ar leith ar chruinneas agus ar chastacht na gramadaí, ar shainiúlacht i réimse foclóra agus ar chód sochtheangeolaíoch (Ó Duibhir, 2009; Ó Ceallaigh, 2013). Rinne Cummins (1984) idirdhealú idir BICS (Basic Interpersonal and Communicative Skills) agus CALP (Cognitive Academic Language Proficiency). Níl trácht ná béim i nDréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile ar theanga na hacadúlachta/shainteanga (CALP) a fhoghlaim, a shealbhú agus a úsáid le barr cuannachta agus le sofaisticiúlacht i gcomhthéacs T1. Tá soiléiriú de dhíth, ar theoric an luath-thumoideachais, maidir le [forbairt](#) scileanna luathlitearthachta T2 agus [an chaint neamhfhoirmiúil sa T2](#) i suíomh an oideachais lán-Ghaeilge.

Curaclam uileghabhálach le béim ar oideolaíocht chuimsitheach

Tá fíorghá le hoiriúint d'éilimh theangeolaíochta na bpáistí nach Béarla ná Gaeilge a gcéadtheanga (T1). Ní thugann Dréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile treoir do scoileanna T1 ná T2 conas déileáil leis an dúshlán, páistí nach bhfuil Béarla ná Gaeilge mar mháthair theanga acu, a mhúineadh. Ar chóir go mbeadh curaclam ar leith ann don Ghaeilge/Bhéarla mar theanga bhreise mar chuid de Dhréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile? Ní mór an cás a shoiléiriú do mhúinteoirí.

Inniúlacht aonair ilteangachais

Moltar teangacha eile a chur san áireamh sa churaclam chun freastal ar riachtanais phobal nua agus ar a n-oidhreachtáí teangeolaíochta. Níl trácht ar thógáil féiniúlachta an fhoghlaimeora, ar fheasacht ar theangacha, ná ar fheasacht chultúrtha i nDréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile. Tá gá le tuilleadh treorach a chur ar fáil do scoileanna maidir le hilteangachas a spreagadh. Ní dhéanann Dréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile tagairt do spriocanna ilteangachais ná do chur chuige oideolaíochta an ilteangachais i gcomhthéacsanna oideachais éagsúla.

Measúnú teanga mar chuid lárnach den phróiseas

Tá measúnú teanga riachtanach chun oilteacht chumarsáide a shainmhíniú. Níl áit ná feidhm na measúnachta soiléirithe sa churaclam, mar shampla, cad iad na leibhéil líofachta, cruinnis, tuisceana, foghraíochta, úsáide ba cheart dúinn a bheith ag súil a bhaint amach i dteanga ar bith i gcomhthéacs ar bith faoi cheangal ama? Cén t-íosmhéid teanga (sna scileanna éagsúla) ba chóir a bheith ag páistí ag deireadh chéim 1 nó ag deireadh chéim 2? Cén treoir atá sa churaclam maidir le riachtanais oideachais speisialta agus foghlaim an T1/T2/T3 nó tríd an T1/T2/T3? Cad mar gheall ar mheasúnú na Gaeilge/teanga eile i bhfoghlaim ábharbhunaithe? Níl tagairt déanta áfach, do mheasúnú ó thaobh Chomhchreat Tagartha na hEorpa do Theangacha (CEFR). Bheadh buntáistí ar leith bainteach le punann teanga a úsáid:

- forbairt neamhspleáchas foghlaimeora a chothú
- cur chuigí uile-scoile maidir le teagasc teanga a dhaingniú agus a bhunú
- cur chuigí punainne maidir le measúnú a iniúchadh.

Moltar earraíocht a bhaint as an bhFráma Tagartha Comónta agus as Punann Teanga na hEorpa i gCuraclam Teangacha na Bunscoile (Harris agus Ó Duibhir, 2011). Ní mór an CEFR a fhiosrú go cúramach i ndáil le féidearthachtaí ar mhaithe leis na ceisteanna seo agus ceisteanna gaolmhara eile a fhreagairt ar shlí shoiléir agus chomhleanúnach.

Easpa doimhneachta agus easpa soiléireachta an churaclaim

- Cé go bhfuil ábhar an churaclaim curtha ar fáil, tá gá le breis doimhneachta ar an iomlán ag céimeanna éagsúla i dteangacha éagsúla (i.e. Béarla agus Gaeilge) do chomhthéacsanna éagsúla (i.e. scoileanna lán-Bhéarla, scoileanna tumoideachais lán-Ghaeilge, scoileanna Gaeltachta). Féach samplaí ar leith thíos:
 - Forbairt stór focal: Moltar eiseamláirí mar aon le tuilleadh treorach a bhaineann le focail ardmhíochta, focail comónta agus sainfhoclóir ábharbhunaithe a chur ar fáil;
 - Feasacht fóineolaíochta: Moltar breis eolais a bhaineann le sonraí comhpháirteanna a chur ar fáil le béim ar fhóinéimí riachtanacha;
 - Feasacht mhoirfeolaíochta: Moltar miondealú a dhéanamh le béim ar dheilbhíocht na mbriathra, na réamhfhocal agus na gcáilitheoirí
 - Straitéisí tuisceana: Moltar liosta cuimsitheach a chur ar fáil ar mhaithe le débhríocht a sheachaint.

Moltar mionsonraí a bhaineann le foghlaim agus le teagasc foirm-dhírthe, le poncaíocht, le prionsabail aibítire agus le seánraí scríofa agus ó bhéal a shoiléiriú sna spriocanna, sna céimeanna agus sna línte forbartha i dtaca le teangacha éagsúla i gcomhthéacsanna oideachais teangeolaíochta éagsúla a fhorbairt.

- Moltar spriocanna foghlama atá sonrath sainiúil, intomhaiste, infhaighte, réalaióch agus faoi cheangal ama a chur ar fáil sna céimeanna éagsúla. Mar atá, tá na spriocanna foghlama róleathan, gné a léiríonn easpa soiléireachta do mhúinteoirí.

- Moltar chomh maith tuilleadh treorach a chur ar fáil sa churaclam ar mhaithe leis na spriocanna a bhaint amach. Ní mór béim a leagan ar oideolaíocht agus ar mhodheolaíocht mar ghné lárnach luachmhar den churaclam teangacha.
- Moltar na naisc a shoiléiriú agus a neartú idir spriocanna foghlama agus línte forbartha an churaclaim. Tá easpa leanúnachais agus easpa comhsheasmhachta le sonrú i nDréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile mar atá. Tá gá le treoiclár a chur ar fáil ag léiriú conas na doiciméid éagsúla (i.e. na línte forbartha, spriocanna foghlama, treoirlínte cleachtais) a úsáid i gcomhar lena chéile. Moltar doiciméid idirlíne a sholáthar chomh maith ar mhaithe leis na naisc idir Curaclam Teangacha na Bunscoile agus Curaclam na Bunscoile 1999 a shoiléiriú.
- Moltar sa Dréacht-Churaclam Teangacha scríbhneoireacht reatha a theagasc ó Naíonáin go Rang 2 cé nach bhfuil bunús taighde soiléirithe chuige roimhe seo i dtuarascáil taighde 15 de chuid CNCM, *Literacy in Early Childhood and Primary Education (3-8 years)*. Tá éagsúlacht tuairime a bhaineann le scríbhneoireacht reatha sa ghort faoi láthair (Berninger, 2012; 2013) agus ní mór an cás a fhiosrú agus a fhíorú le bunús taighde.

Is daoine lárnacha iad múinteoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le nuáil, athnuachan agus éifeacht i gcur i bhfeidhm an churaclaim teangacha seo a chinntiú. Braitheann éifeacht na foghlama go pointe ar a gcuid eolais maidir le cad é atá i gceist, ar a gcuid feasachta faoi threoshuíomhanna nua, agus ar shoiléireacht an churaclaim teangacha maidir le spriocanna, gnéithe agus línte forbartha. Is léir nach bhfuil Dréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile soiléir go leor ar mhaithe le múinteoirí agus tuismitheoirí a threorú. Ní mór an curaclam comhtháite teangacha a shoiléiriú do rannpháirtithe uile an oideachais. Féach mar shampla, ríomhphost seolta go COGG ó tuismitheoir imníoch i Mí Aibreáin 2014 ag léiriú frustrachais:

Bhí cúpla tuismitheoir ag fiosrú faoin phróisis comhairliúcháin don churaclam úr teangacha agus is léir nach dtuigeann daoine caidé atá i gceist leis an gcuraclam nua agus go bhfuil deacrachtaí móra acu an cháipéis atá ar an suíomh idirlín ag CNCM a thuigbheáil.

Cé go bhfuil tagairt déanta d'Aistear sa Dréacht-Churaclam Teangacha, is baolach, mar nach bhfuil sé éigeantach, nach bhfuil Aistear i bhfeidhm i scoileanna uile na tíre. Chuige sin, ní féidir glacadh leis go mbeidh múinteoirí uile inniúil ar phrionsabail, ar théamaí ná ar chur chuige oideolaíochta Aistear.

Tá sé riachtanach an Churaclam Teangacha a bhunú ar thaighde agus ar theoiric atá ábhartha, cuimsitheach, idirnáisiúnta agus dúchasach araon. Moltar mar sin, gur chóir go ndéanfaí aon mholtaí maidir le hathrú sa churaclam agus/nó measúnú a bhailíochtú i dtionscadail phiolótacha a bheadh rialaithe go cúramach sula dtabharfaí isteach iad mar chuid den chleachtas príomhshrutha ar bhonn práinne.

Tagairtí

- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. (2008). *Primary Curriculum Review, Phase 2: Final report and recommendations*. Baile Átha Cliath.
- An Roinn Oideachais agus Scileanna. (1999). *Curaclam na Bunscoile Réamhrá 1999*: Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- An Roinn Oideachais agus Scileanna. (1999). *Curaclam na Bunscoile Gaeilge Treoirínite don Mhúinteoir*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2007). *An Ghaeilge sa Bhunscoil – Staidéir Mheastóireachta na Cigireachta*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2011). *An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a fheabhsú i measc Leanáí agus Daoine Óga, 2011-2020*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair
- Berninger, V, (2013). 'Educating Students in the Computer Age to be Multi-lingual by hand', *Journal of the National Association of State Board of Education*, vol. 19 no.1
- Berninger, V, (2012). 'Strengthening the Mind's Eye – the case for continued handwriting instruction in the 21st century', *Principal*, volume 91, no. 5
- Cummins, J. (1984). *Bilingualism and Special Education: Issues in Assessment and Pedagogy*. Clevedon:Multilingual Matters.
- DeKeyser, R. (1998). "Beyond focus on form: Cognitive perspectives on learning and practicing second language grammar", in Doughty, C. & Williams, J. eds., *Focus on form in classroom language acquisition* 42-63, New York: Cambridge University Press.
- Ellis, R. (1991). *Second Language Acquisition and Language Pedagogy*, Clevedon: Multilingual Matters.
- Ellis, R. (2005). "Principles of instructed language learning". *System* 33 209-224, available: <http://www.elsevier.com/locate/system>.
- Harris, J. agus Murtagh, L. (1999). *Teaching and learning Irish in primary school: A review of research and development*, Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Harris agus Ó Duibhir, (2011). *Múineadh Éifeachtacha Teangacha: Sintéis ar Thaighde*. CNCM: Baile Átha Cliath
- Harris, J. (2006). *An Ghaeilge sna Bunscoileanna: Treochtaí Náisiúnta Fadtéarmacha in Inniúlacht*, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Kennedy, E., Dunphy, E., Dwyer, B., Hayes, G., McPhillips, T. Marsh, J., O' Connor, M. and Shiel, G. (2012). *Literacy in Early Childhood and Primary Education (3-8 years)*. CNCM: Baile Átha Cliath.
- Long, M. (1996). "The role of the linguistic environment in second language acquisition", in Ritchie, W. agus Bhatia, T. (eds.) *Handbook of second language acquisition* San Diego: Academic Press 413-468.

- Ó Ceallaigh, T.J. (2013). Teagasc Foirm-dhírthe i gComhthéacs an Tumoideachais Lán-Ghaeilge: Imscrúdú Criticiúil ar Dheartháir agus ar Chleachtais Mhúinteoirí. Coláiste na hOllscoile, Corcaigh: Tráchtas PhD.
- Ó Duibhir, P. (2006). *Oideachas agus forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge*. Dublin: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Ó Duibhir, P. (2009). *The spoken Irish of sixth class pupils in Irish immersion schools*. Unpublished PhD in Applied Linguistics, Dublin, Trinity College.
- Ó Duibhir, P. agus Cummins, J. (2012). *Towards an Integrated Language Curriculum in Early Childhood and Primary Education (3-12 years)*, Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.
- Ó Laoire, M. (2003). "Spléachadh ar Theagasc agus ar Fhoghlaim na Gaeilge: Cá bhfuil Ár dTreo Anois?", *Oideas 50*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.